Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11542/25**

**AG 111**
**INST 217**
**FOOD 62**
**ALIM 9**
**COHAFA 66**
**DENLEG 29**
**SOC 515**
**AGRI 347**
**RGA 4**
**MAP 37**
**SUSTDEV 59**
**SAN 488**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4607 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 8.7.2025 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Ceart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4607 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4607 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 8.7.2025
C(2025) 4607 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 8.7.2025**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Ceart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

GA GA

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.7.2025**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Ceart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Ceart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú', cuireadh iarraidh ar a chlárú faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Meitheamh 2025.

(2) Tagann an iarraidh sin sna sála ar an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Ceart chun Bia!' a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Márta 2025.

(3) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 31 Márta 2025, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa eagraithe, trí litir dar dáta an 29 Aibreán 2025 (C(2025) 2559 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b) de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, nár chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788. Go háirithe, mhínigh an Coimisiún go raibh cuid de thograí na n-eagraithe nár iarr ar an gCoimisiún togra a chur isteach le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(4) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na heagraithe ar an eolas de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(5) An 13 Meitheamh 2025, chuir an grúpa d'eagraithe tionscnamh leasaithe isteach.

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

(6) Is é is aidhm don tionscnamh leasaithe, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an Aontas 'an ceart chun bia a thabhairt ar an bhfód agus é a chomhtháthú' i gcreat dlíthiúil an Aontais a bhfuil tionchar aige ar 'an ceart chun bia san Aontas agus thar lear'. Measann na heagraithe 'nach mór don Aontas an ceart chun bia a ráthú go sistéamach agus córais bhia atá sláintiúil, cóir, daonnúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn'. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, leag na heagraithe amach 14 chuspóir shonracha ina n-iarrtar go ndéanfaí gníomhartha dlí an Aontais a mholadh nó a leasú sna réimsí seo a leanas: (i) 'Córais bhia atá cothrom agus rialachas daonlathach'; (ii) 'Tacaíocht do thionscnaimh náisiúnta cosanta sóisialta'; (iii) 'A aithint nach gnáth-thráchtearraí iad táirgí talmhaíochta agus bia-ábhar'; (iv) 'Tacaíocht don agra-éiceolaíocht tuathánach agus do chórais bhia chríochacha'; (v) 'Dlúthú talún talmhaíochta a chomhrac'; (vi) 'Tacaíocht do chórais síolta thuathánacha'; (vii) 'Dianrialáil OGManna, lena n-áirítear iad siúd a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua'; (viii) 'Bainistiú inbhuanaithe uisce'; (ix) 'Leas ainmhithe a neartú'; (x) 'Tacaíocht maidir le torthaí agus glasraí a chaitheamh, agus bia-ábhar sárphróiseáilte a rialáil'; (xi) 'Soláthar bia inbhuanaithe'; (xii) 'Lipéadú ábhartha bia a áirithiú'; (xiii) 'Deireadh a chur le cur amú bia'; (xiv) 'An ceart chun bia a neartú i dtríú tíortha'.

(7) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh leasaithe, tugtar tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis. Luaitear ann go ndéantar an ceart chun bia 'a ráthú nuair a bhíonn rochtain dhíniteach ag gach duine ar bhia leordhóthanach ar bhonn inbhuanaithe' agus liostaítear ann bearta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do chuspóirí an tionscnaimh. Rinne na heagraithe doiciméad breise a chur isteach freisin ina gcuirtear ar fáil sonraí an tionscnaimh, mar chuid dá n-iarraidh ar chlárú.

(8) Maidir leis an gcéad chuspóir, an ceathrú cuspóir, an cúigiú cuspóir agus an séú cuspóir den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh maidir le córais bhia atá inbhuanaithe agus cothrom; togra chun tacú le hagra-éiceolaíocht tuathánach agus le córais bhia chríochacha'; gníomhaíochtaí a mholadh a bhaineann le feabhas a chur ar chomhionannas inscne i bpoist talmhaíochta agus in athnuachan ó ghlúin go glúin; agus rialachán a mholadh chun tacú le huathriail na gcóras síl tuathánach, faoi seach, ar bhonn Airteagail 38 go 44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(9) Maidir leis an dara cuspóir, ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú, maidir le cosaint shóisialta oibrithe agus/nó an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus/nó an chosaint shóisialta a nuachóiriú, ar bhonn Airteagal 153(1)(c), (j) nó (k) CFAE, a mhéid is féidir rioscaí na slándála bia a bheith bainteach le hioncam íosta.

(10) Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an tríú cuspóir, ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh le haghaidh gníomh dlí chun a aithint nach gnáth-thráchtearraí iad táirgí talmhaíochta agus bia-ábhair ar bhonn Airteagail 38 go 44 CFAE.

(11) Maidir leis an seachtú cuspóir, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh chun OGManna a rialáil ar bhonn Airteagal 43, Airteagal 114 agus Airteagal 168(4)(b) CFAE.

(12) Maidir leis an ochtú cuspóir agus an tríú cuspóir déag, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce agus togra maidir le cur amú bia, faoi seach, ar bhonn Airteagail 191 agus 192 CFAE.

(13) Maidir leis an naoú cuspóir, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh chun leas ainmhithe a neartú ar bhonn Airteagal 43(2) CFAE.

(14) Maidir leis an deichiú cuspóir, d'fhéadfadh an Coimisiún bearta dreasachta a mholadh le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcuirfear aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe chun cinn ar bhonn Airteagal 168(5) CFAE.

(15) Maidir leis an aonú cuspóir déag, ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh maidir le soláthar inbhuanaithe bia ar bhonn Airteagal 114 CFAE.

(16) Maidir leis an dóú cuspóir déag, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh i ndáil le lipéadú bia ar bhonn Airteagal 114 CFAE.

(17) Maidir leis an gceathrú cuspóir déag, ní féidir a chur as an áireamh ag an gcéim seo go bhféadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh maidir leis an gceart chun bia a neartú i dtríú tíortha ar bhonn Airteagail 207, 208 agus/nó 212 CFAE.

(18) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(19) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(20) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(21) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(22) Dá bhrí sin, an tionscnamh dar teideal 'Is Ceart Daonna do Chách é an Cheart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú', ba cheart é a chlárú.

(23) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus an grúpa sin amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dá bhrí sin, an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal ‘Is Ceart Daonna do Chách é an Cheart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú’, clárófar é.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d’eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Is Ceart Daonna do Chách é an Cheart chun Bia! Córais bhia atá sláintiúil, cóir agus inbhuanaithe a ráthú’, grúpa a bhfuil Olga KIKOU agus Almudena GARCIA SASTRE ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 8.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*